Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026 (OR. en)**

**8467/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0144(COD)**

**CODIF 15**
**CODEC 738**
**AGRI 299**
**STATIS 29**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta san Aontas (códú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an togra ón gCoimisiún maidir le códú dá dtagraítear san ábhar (COM(2026) 159 final - 2024/0144 (COD) agus Iarscríbhinní 1 go 4).

Iarrtar ar na toscaireachtaí a mbarúlacha ar an togra maidir le códú a sheoladh faoin Aoine, an 27 Bealtaine 2026, chuig na seoltaí seo a leanas:

Codification@consilium.europa.eu AGUS sj-codification@ec.europa.eu

Tarraingítear aird na dtoscaireachtaí ar an Treoir Phraiticiúil maidir le Códú Reachtaíochta (doic. 14722/14 + COR1).

---

Faoi iamh: COM(2026) 159 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2026
COM(2026) 159 final

2024/0144 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta san Aontas (códú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

1. Ar an 20 Meitheamh 2024, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéanfaí códú ar Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal[1].

2. Ina tuairim dar dáta an 25 Deireadh Fómhair 2024. , luaigh Meitheal Oibre Chomhairleach na seirbhísí dlí a bunaíodh faoin gComhaontú Idirinstitiúideach dar dáta an 20 Nollaig 1994 ar mhodh oibre luathaithe um chódú oifigiúil téacsanna reachtacha[2] nach mbaineann an togra dá dtagraítear i bpointe 1 ach le códú simplí agus nach ndéantar aon athruithe ar shubstaint na ngníomhartha atá cumhdaithe leis.

3. Ag féachaint don leasú arna ghlacadh[3] maidir leis an togra dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bhfianaise na hoibre a rinneadh cheana i gcúrsa an nós imeachta reachtaigh, tá an Coimisiún tar éis cinneadh a dhéanamh togra leasaithe a thíolaic, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) CFAE, chun códú a dhéanamh ar an Rialachán i dtrácht.

4. Is iad seo a leanas na hathruithe a rinneadh sa togra leasaithe seo, i gcomparáid leis an togra dá dtagraítear i bpointe 1:

   *(a)* in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

   *‘’Beidh feidhm leis ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.’’;*

   *(b)* leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3102 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d’aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta (NACE) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

   *(c)* in Iarscríbhinn III, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

   *‘’Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3102 ón gCoimisiún (IO L, 2024/3102, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3102/oj)’’.*

5. Tá téacs iomlán an togra leasaithe i gcomhair códúcháin i gceangal leis seo chun go bhféadfar é a léamh agus a scrúdú go héasca.

---

[1] COIM(2024)255 críochnaitheach an 20.6.2024.
[2] IO C 102, 4.4.1996, lch. 2.
[3] IO L 2024/3102, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3102/oj.

↓ 138/2004 (oiriúnaithe)

2024/0144 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta ⌦ san Aontas ⌫ (códú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe Airteagal ⌦ 338 ⌫ (1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

↓

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[6]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

↓ 138/2004 aithris 1

(2) Tá faisnéis inchomparáide, cothrom le dáta agus iontaofa ar staid eacnamaíoch na talmhaíochta, agus ar athruithe ar ioncam talmhaíochta go sonrach, de dhíth chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta.

↓ 138/2004 aithris 2

(3) Is uirlis bhunúsach iad cuntais talmhaíochta chun anailís a dhéanamh ar staid eacnamaíoch talmhaíochta tíre, ar choinníoll go ndéantar iad a tharraingt suas ar bhonn sraith aonair prionsabal. Rannchuidíonn cuntais talmhaíochta go mór le ríomh na gcuntas náisiúnta chomh maith.

[4] IO C […], […], p. […].

[5] Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/138/oj).

[6] Féach Iarscríbhinn III.

↓ 2022/590 Aithris 2 (oiriúnaithe)

(4) Leis an Rialachán ⌦ seo ⌫ ⌦ ba cheart rialacha a leagan síos maidir le ⌫ cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta ("CET") san Aontas trí fhoráil a dhéanamh don mhodheolaíocht agus na teorainneacha ama chun na cuntais talmhaíochta a tharchur. Is cuntais satailíte de chuntais náisiúnta iad CET, dá bhforáiltear le ⌦ Córas Eorpach na gCuntas 2010 ⌫[7] (CCE 2010), agus é mar aidhm acu torthaí atá comhchuibhithe agus inchomparáide idir na Ballstáit a fháil d'fhonn na cuntais a tharraingt suas chun críocha an Aontais.

↓ 2022/590 Aithris 3 (oiriúnaithe)

(5) Is oiriúnú ar CET ar an leibhéal réigiúnach iad cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta (CERT). Ní féidir le figiúirí náisiúnta iontu féin an pictiúr iomlán, atá sách casta uaireanta, a thabhairt ar an méid atá ag tarlú ar leibhéal níos mionsonraithe. Dá bhrí sin, le sonraí ar an leibhéal réigiúnach, cuidítear chun cur leis an tuiscint maidir leis an éagsúlacht idir réigiúin, comhlánaítear faisnéis don Aontas, don limistéar euro agus do na Ballstáit aonair, ag an am céanna, tugtar freagairt don ghá méadaithe atá ag staidreamh le haghaidh cuntasachta, agus méadaítear leibhéal an chomhchuibhithe, na héifeachtúlachta agus na comhsheasmhachta maidir le staidreamh talmhaíochta an Aontais.

↓ 2022/590 Aithris 4

(6) Ní mheastar a thuilleadh gur aon fhoinse amháin faisnéise i measc an iliomad foinsí eile atá i staidreamh chun críocha an cheaptha beartas ach go bhfuil ról lárnach aige sa phróiseas cinnteoireachta. Maidir le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, éilítear léi staidreamh a chomhlíonann critéir ardcháilíochta, mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], i gcomhréir leis na sainchuspóirí a bhfuil siad ag freastal orthu.

↓ 2022/590 Aithris 7

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, soláthraítear an creat dlíthiúil maidir le staidreamh Eorpach agus ceanglaítear ar na Ballstáit cloí leis na prionsabail staidrimh agus leis na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán sin. Tá tuarascálacha cáilíochta fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh Eorpaigh, chun feabhas a chur orthu agus iad a chur in iúl. D'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach an struchtúr meiteashonraí comhtháite aonair mar chaighdeán an Chórais Staidrimh Eorpaigh le haghaidh tuairisciú cáilíochta, rud lena gcuidítear chun na ceanglais maidir le cáilíocht staidrimh a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 a chomhlíonadh, trí chaighdeáin aonfhoirmeacha agus modhanna

7 Córas Eorpach na gCuntas Naisiúnta agus Réigiúnach — CCE 2010, Lucsamburg 2013.

8 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle, lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

comhchuibhithe, go háirithe iad sin a leagtar amach in Airteagal 12(3) de. Ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní, agus ba cheart an t-ualach freagartha a íoslaghdú.

🡻 138/2004 aithris 5 (oiriúnaithe)

(8) Ós rud é nach féidir cuspóir ⌦ an Rialacháin seo ⌫, is é sin caighdeáin choiteanna staidrimh ⌦ a chruthú ⌫ lena mbeifear in ann sonraí comhchuibhithe a tháirgeadh, a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát ⌦ agus dá bhrí sin ⌫, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an ⌦ Aontais ⌫, féadfaidh an ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

🡻 1350/2013 aithris 5 (oiriúnaithe)

(9) Chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn I agusIarscríbhinn IIa ghabhann leis an Rialachán ⌦ sin ⌫. ⌦ Tá sé ríthábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[9]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. ⌫

🡻 2022/590 Aithris 8

(10) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis na socruithe le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha sin. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin i dtaca le maoluithe féideartha ó na ceanglais maidir le CERT. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10],

9 OJ L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

10 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

↓ 138/2004 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo ⌦ leagtar síos rialacha maidir le ⌫ cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta ⌦ (CET) ⌫ san ⌦ Aontas ⌫ trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) modheolaíocht CET (caighdeáin choiteanna, sainmhínithe, aicmiúcháin agus rialacha cuntasaíochta) atá beartaithe a úsáid d'fhonn cuntais a thiomsú ar bhoinn inchomparáide chun críocha an ⌦ Aontais ⌫, agus d'fhonn sonraí a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 3;

(b) teorainneacha ama le haghaidh tharchur na gcuntas talmhaíochta arna dtiomsú i gcomhréir le modheolaíocht CET.

2. Ní chuirfidh an Rialachán seo d'oibleagáid ar aon Bhallstát modheolaíocht CET a úsáid agus cuntais talmhaíochta á dtiomsú chun a chríoch féin.

*Airteagal 2*

**Modheolaíocht**

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I modheolaíocht CET dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a).

↓ 1350/2013 Airt. 1 agus Iarscríbhinn .2(a) (oiriúnaithe)

2. ⌦ Tugtar ⌫ de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 6 ⌦ i ndáil le leasú ar ⌫ mhodheolaíocht CET a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh na gníomhartha tarmligthe sin teoranta d'inneachar Iarscríbhinn I a shonrú agus a fheabhsú, chun críche léirmhíniú comhchuibhithe a áirithiú nó chun inchomparáideacht idirnáisiúnta a áirithiú.

Ní ghlacfar na gníomhartha tarmligthe sin ach amháin mura ndéanann siad na coincheapa foluiteacha san Iarscríbhinn a athrú, mura dteastaíonn acmhainní breise do tháirgeoirí laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach chun iad a chur chun feidhme agus mura bhforchuireann siad ualach breise ar na Ballstáit nó ar na bhfreagróirí.

Tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as ionchur ó shaineolaithe ábhartha bunaithe a bheidh bunaithe ar anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais um tháirgeadh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(3), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

↓ 138/2004

*Airteagal 3*

**Tarchur chuig an gCoimisiún**

1. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) an tacar sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear le haghaidh gach tábla.

↓ 2022/590Airt. 1.1 (oiriúnaithe)

2. Tarlóidh an chéad tarchur sonraí le haghaidh chuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta ("CERT") ar leibhéal NUTS 2 de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] faoin 30 Meán Fómhair 2023.

↓ 1350/2013 Airt. 1 agus Iarscríbhinn .2(b) (oiriúnaithe)

3. ⌦ Tugtar ⌫ de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 ⌦ i ndáil le leasú ar ⌫ an liosta d'athróga do sholáthar sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a leasú.

Ní fhorchuirfear leis na gníomhartha tarmligthe sin ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na bhfreagróirí.

Tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as ionchur ó shaineolaithe ábhartha a bheidh bunaithe ar anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgeachta, amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(3), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

↓ 2022/590 Airt. 1.2 (oiriúnaithe)

*Airteagal 4*

**Scaipeadh staidrimh**

Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, scaipfidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí a tharchuirfear chuige i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo, ar líne, saor in aisce.

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

[12] Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1367/oj).

*Airteagal 5*

**Measúnú cáilíochta**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirtear a áirithiú.

2. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta ⌦ a leagtar amach ⌫in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir leis na sonraí a tharchuirfear i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar cháilíocht na sonraí a tharchuirtear. Chun na críche sin, tarchuirfidh na Ballstáit tuarascáil cháilíochta chuig an gCoimisiún (Eurostat), den chéad uair faoin 31 Nollaig 2025, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, i gcás na dtacar sonraí a tharchuirtear le linn na tréimhse tuairiscithe sin.

4. Agus na critéir cháilíochta ⌦ a leagtar amach ⌫ in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 á gcur i bhfeidhm ar na sonraí a bheidh le tarchur i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo, saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe, an struchtúr agus táscairí measúnaithe le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo. Ní fhorchuirfear ualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit leo.

5. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún (Eurostat) gan mhoill, aon fhaisnéis nó aon athrú ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a bhféadfadh tionchar a bheith acu, ar aon bhealach suntasach, ar cháilíocht na sonraí a tharchuirtear.

6. Ar iarraidh a mbeidh údar cuí léi a fháil ón gCoimisiún (Eurostat), soláthróidh na Ballstáit aon soiléiriú breise is gá, gan mhoill, chun cáilíocht na sonraí staidrimh a mheas.

---

🡻 1350/2013 Airt. 1 agus Iarscríbhinn .2(c) (oiriúnaithe)

*Airteagal 6*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 10 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2) nó Airteagal 3(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

| ▼ 2022/590 Airt. 1.3 |
|---|

*Airteagal 7*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 8*

**Maoluithe**

1. I gcás ina n-éileodh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo oiriúnuithe móra i gcóras staidrimh náisiúnta Ballstáit a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Chaibidil VII d'Iarscríbhinn I, agus an chláir um tharchur sonraí le haghaidh CERT dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeonófar maoluithe don Bhallstát sin ar feadh tréimhse uasta 2 bhliain. Ní bheidh an chéad dáta do tharchur na sonraí le haghaidh CERT, in aon chás níos déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2025, áfach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

2. Cuirfidh an Ballstát a chinnfidh iarratas a dhéanamh ar mhaolú dá dtagraítear i mír 1 iarraidh chuí-réasúnaithe isteach maidir le maolú den sórt sin chuig an gCoimisiún faoin 21 Lúnasa 2022.

3. Féadfaidh an tAontas ranníocaíochtaí airgeadais ó bhuiséad ginearálta an Aontais a sholáthar do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 chun costais chur chun feidhme an Rialacháin seo a chlúdach nuair is gá, chun CERT a chur ar bun, oiriúnuithe móra a dhéanamh ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit.

🡻

*Airteagal 9*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

🡻 138/2004

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

🡻 2024/3102, Airt. 2

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

🡻 138/2004

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*